



An Bhruiséil, 8 Nollaig 2014
(OR. en)

16502/14

ESPACE 92
COMPET 661
RECH 470
IND 372
TRANS 576
CSDP/PSDC 714
PESC 1279
EMPL 196

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	An Chomhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roime seo:	15944/14 ESPACE 89 COMPET 642 RECH 454 IND 356 TRANS 556 CSDP/PSDC 686 PESC 1222 EMPL 171
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le "Taca a chur faoi athbheochan Eorpach an spáis: treoshuímh agus dúshláin amach anseo" - <i>Glacadh</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal na Conclúidí ón gComhairle maidir le "Taca a chur faoi athbheochan Eorpach an spáis: treoshuímh agus dúshláin amach anseo" mar a ghlac an Chomhairle ("Iomaíochas") iad ag an gcrúinniú a bhí aici an 5 Nollaig 2014.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

"Taca a chur faoi athbheochan Eorpach an spáis: treoshuímh agus dúshláin amach anseo"

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

AG MEABHRÚ DI go mbunaítear inniúlacht AE sa spás leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ¹;

AG FÉACHAINT don Chomhaontú Réime idir AE agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE)²;

AG FÉACHAINT do na rúin agus do na treoshuímh ón gComhairle a glacadh agus do na rúin agus do na treoshuímh ón "gComhairle Spáis", go háirithe na cinn lena sainítear cuspóirí agus réimsí tosaíochta an Bheartais Eorpaigh Spáis, an méid a chuireann Spás leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas san Eoraip, mar aon leis na dúshláin dhomhanda, agus leas iomlán á bhaint as córais spáis na hEorpa³; agus SÁSAMH Á LÉIRIÚ AICI i ndáil leis an dul chun cinn a bhain an Coimisiún agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa amach maidir leis an mBeartas Eorpach Spáis a chur chun feidhme;

AG FÉACHAINT do na Conclúidí ón gComhairle maidir le "D'fhonn fíis spáis chomhpháirteach AE-GSE a bhaint amach lena gcothófar iomaíochas" an 26 Bealtaine 2014⁴, go háirithe an brollach mar aon le pointe 12 de;

¹ Go háirithe Airteagal 4 agus Airteagal 189 de

² IO L 261 an 6.8.2004, lch. 64.

³ 10037/07, 13569/08, 10500/09, 16864/10

⁴ 10289/14

AG MEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle⁵ an 23 Nollaig 2013, inar léiríodh sásamh i ndáil leis na hullmhúcháin don chéad ghlúin eile de Chumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) trí dhlúthchomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, cé gur léiríodh tiomantas iontu freisin cumais lárnacha a chur ar fáil agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh thromchúiseacha trí thionscadail nithiúla ó na Ballstáit, a fhaigheann tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), agus inar iarradh go mbunófaí grúpa úsáideoirí in 2014;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE an tuarascáil ón gCoimisiún "Margadh Nua do Chosaint na hEorpa.- Treochlár maidir le Cur Chun Feidhme Theachtaireacht ón gCoimisiún COM (2013) 542; "I dtreo earnáil chosanta agus slándála a bheadh níos iomaíche agus níos éifeachtúla"⁶;

AG AITHINT DI toradh Chomhairle GSE ar leibhéal na n-airí a tionóladh i Lucsamburg an 2 Nollaig 2014, agus go háirithe an rún maidir le teacht chun cinn GSE.

Clár Spáis an Aontais a Chur Chun Feidhme agus a Shaothrú

1. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh leis an mBeartas Eorpach Spáis a chur chun feidhme, go háirithe le Córais agus Clár Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte (GNSS Eorpach), clár Copernicus agus Fís 2020, Creat Tacaíochta d'Faireachán agus Rianú Spáis (SST) agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gurb ábhar tosaíochta é iad a chur chun feidhme ar bhealach rathúil.

⁵ EUCO 217/13

⁶ 11358/14

2. MEABHRAÍONN SÍ DI go bhfuiltear ag súil go gcruthófar deiseanna margaidh suntasacha san Eoraip, go háirithe i gcomhair thionscal agus FBManna na hEorpa, trí sheirbhísí agus feidhmeanna breisluacha iartheachtach, a éilíonn rochtain leanúnach agus marthanach ar shonraí, a fhorbairt. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mba cheart don Aontas an fás sin a chomhlánú agus tacú leis trí dheachleachtais, trí chaighdeán i réimsí ábhartha agus trí bhearta iomchuí a fhorbairt, d'fhonn a áirithiú go nglacfar go forleathan le cláir spáis an Aontais in a mhéid is féidir de réimsí beartais earnálacha, agus feabhas á chur ar chaighdeán maireachtála shaoránaigh na hEorpa ar an gcaoi sin.
3. AITHNÍONN SÍ gur rannchuidigh na cláir spáis ar bhealach uathúil agus gur trína gcumas breathnóireachta domhanda agus a gcumhdach fadtéarmach go ndéanann siad sraith de shonraí, a iarradh le haghaidh taighde i ndáil le réamhaisnéis na haimsire agus leis an athrú aeráide sa mheántearma agus san fhadtearma, a chur ar fáil don phobal eolaíoch agus d'úsáideoirí eile, agus uirlisí breathnóireachta agus tomhais eile á gcomhlánú acu ag an am céanna agus MEABHRAÍONN SÍ an gá atá ann le breathnóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus fadtéarmach ó spás, d'fhonn taifid aeráide ar ardchaighdeán a sholáthar. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn suntasach a rinneadh sa mheitéareolaíocht trí chomhar EUMETSAT-GSE, go háirithe chun córais Bhreathnóireachta Satailíte Mheitéareolaíochta na chéad ghlúine eile agus trí chumais mhúnlaithe agus réamhaisnéise a bhaineann leo a fhorbairt, lena meastar go n-áiríteofar ceannaireacht na hEorpa sa chomhthéacs domhanda. Maidir leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá seirbhísí lena gcomhtháthófar córais spáis loingseoireachta, breathnóireachta agus cumarsáide go leanúnach mar aon lena thábhachtaí atá sé iad a chomhtháthú níos fearr le bonneagar talaimh le faireachán agus réamhaisnéis i dtaca le timpeallacht spáis agus na cruinne a áirithiú lena n-áirítear gníomhaíochtaí ó ghar-réamhaisnéis go réamhaisnéis fhadraoin agus aeráide, chun tacú le bearta iomchuí maolaithe agus oiriúnaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Thairis sin, CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur, i gcomhthéacs éileamh beartais an Aontais ar rochtain neamhspleách ar fhaisnéis agus ar mhargadh aonair Eorpach digiteach a chruthú, go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag réitigh spás-bhunaithe.

Fís agus beartas san fhadtéarma

4. CUIREANN SÍ I dTREIS go mba cheart na torthaí seo a leanas a bheith ar fhís spáis Eorpach don fhadtéarma i measc an Aontais, GSE, a mBallstát faoi seach agus gníomhaithe Eorpacha ábhartha eile: freagairt do chuspóirí beartais phoiblí agus do riachtanais úsáideoirí; fás nua eacnamaíoch agus cruthú post san Eoraip a chumasú; tacú le dul chun cinn eolaíoch den chéad scoth; agus ina theannta sin cumas na hEorpa a áirithiú chun córais spáis a ghiniúint, a fhorbairt, a sheoladh, a oibriú agus a shaothrú ar choinníollacha iomaíocha.
5. I bhfianaise na dtréimhsí fada timthrialla forbartha a bhaineann go sonrach le hearnáil an spáis agus chastacht na bpróiseas cinnteoireachta, MEASANN SÍ gur fad is atá cláir spáis leantacha á gcomhdhlúthú go bhfuil sé in am tús a chur le machnamh i leith thionscnaimh an Aontais amach anseo ina réimsí inniúlachta agus iad a ullmhú, d'fhonn a chuid beartas earnálach a áirithiú agus a chothú níos mó.
6. IARRANN SÍ, dá bhrí sin ar an gCoimisiún, ar bhonn na dtorthaí atá bainte amach roimhe seo, i gcomhar le hArdstiúrthóir GSE, athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le gníomhaithe eile, ar an mBeartas Eorpach Spáis agus a dhéanamh amach a mhéid is a bhféadfadh nuashonrú air a bheith ag teastáil, agus aird iomchuí á tabhairt ar fhorálacha CFAE agus Choinbhinsiún GSE. Dá bharr sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún teacht chun cinn físe fadtéarmaí, a bheidh á roinnt ag na Ballstáit agus ag GSE, a lorg, ar fíis í lena gcomhlíonfar riachtanais fhadtéarmacha úsáideoirí Eorpacha, go háirithe i mbeartais an Aontais agus sna beartais náisiúnta, agus na treoshuímh a cuireadh ar fáil go dtí seo á gcur san áireamh, fíis a bhféadfaidh na gníomhaithe go léir úsáid a bhaint aisti mar uirlis phleanála le haghaidh gníomhaíochtaí móra spáis san Eoraip.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún maidir le teacht chun cinn GSE, a glacadh ag Comhairle GSE ar leibhéal na n-airí an 2 Nollaig 2014; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dul chun cinn a dhéanamh, i gcomhar le hArdstiúrthóir GSE, maidir leis na measúnuithe leantacha ar an gcaidreamh institiúideach idir an tAontas agus GSE d'fhonn feabhsuithe breise a mholadh ar mhaithe le comhpháirtíocht iontaofa agus inbhuanaithe idir AE agus GSE, lena n-éascófaí cur chun feidhme an Bheartais Eorpaigh Spáis agus a theacht chun cinn féideartha, agus aird á tabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chlár spáis leantacha an Aontais.

Na príomh-thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn

8. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí méid suntasach fáis agus post a bhaint amach mar gheall ar theicneolaíochtaí agus ar chórais spás-bhunaithe a shaothrú trí fheidhmeanna iarteachtacha a fhorbairt agus mar sin, GRÍOSAÍONN SÍ an Coimisiún gníomhú chun na deiseanna a bhaineann leo a shaothrú sna clár spáis ábhartha uile.
9. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann leanúint de shineirge a shaothrú sna gníomhaíochtaí spáis, slándála agus cosanta, más iomchuí; IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar atá ann faoi láthair idir an Coimisiún, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus cúnamh á fháil ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), mar aon leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) agus le GSE chun an sprioc sin a bhaint amach laistigh dá gcuid inniúlachtaí faoi seach agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh na Ballstáit rannpháirteach i gcomhordú struchtúraithe i gcúrsaí spáis agus slándála. AITHNÍONN SÍ go mbaineann cumas uathúil leis an gcumarsáid satailíte lena bhféadfar cianchumarsáid agus cianchraolachán a áirithiú in áiteanna iargúlta freisin. I bhfianaise na dtréithe a bhaineann le gníomhaíochtaí slándála, agus é á chur san áireamh gur leis na Ballstáit an chuid is mó de chumais slándála agus gurb iad na Ballstáit a oibríonn iad, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an t-éileamh ar chumarsáid satailíte rialtais (GOVSATCOM) ag dul i méid agus dá bharr sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé fiosrú faoi chineálacha comhair a d'fhéadfaí a dhéanamh leis na Ballstáit, agus é a bheith beartaithe dul i muinín a sócmhainní GOVSATCOM chun ceanglais oibríochta AE a chomhlíonadh.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá ar bun ag an gCoimisiún (maidir le riachtanais úsáideoirí sibhialtacha) agus ag GEC (maidir le riachtanais úsáideoirí míleata) chun riachtanais úsáideoirí maidir le cumarsáid satailíte rialtais a shainaithint; IARRANN SÍ orthu tuarascáil a thabhairt isteach in 2015 maidir lena dtorthaí; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann ilroinnt an éilimh a sheachaint agus sineirge shibhialta-mhíleata a chothú chun an chéad ghlúin eile den Chumarsáid Satailíte Rialtais a ullmhú trí dhlúthchomhar idir na Ballstáit, GEC, an Coimisiún agus GSE.
11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cuspóir atá ag an gCoimisiún chun Córais Aerárthaí Cianrialaithe a chomhtháthú de réir a chéile leis an aerspás Eorpach agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil deis sna forbairtí sin chun cruthú post agus foinse nuálaíochta, neamhspleáchas teicneolaíochta agus fás eacnamaíoch a chothú. AITHNÍONN SÍ an tábhacht agus na deiseanna a bhaineann le seirbhísí spásbhunaithe i gcomhair bainistiú éifeachtúil aerthrachta. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar ghníomhaithe ábhartha eile Eorpacha comhtháthú seirbhísí Spáis agus Aeraspáis agus teicneolaíochtaí a shaothrú le húsáid Córas Aerárthaí Cianrialaithe ar bhealach sábháilte, slán agus inbhuanaithe.
12. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le fás na satailítí beaga Eorpacha cumais tionsclaíocha a chur chun cinn, agus an deis a bhaineann leo chun rochtain ghasta agus inacmhainne ar an spás a chumasú, go háirithe i ndáil le coincheapa agus le teicneolaíochtaí nua i bhfithis a thástáil nó a bhailíochtú.
13. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Cinneadh lena mbunaítear creat tacaíochta SST⁷ lena leagtar amach an bunús chun córais spáis an Aontais a chosaint agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá le leibhéal iomchuí neamhspleáchais Eorpaigh a áirithiú i ngníomhaíochtaí SST bunaithe ar shócmhainní agus ar acmhainní na mBallstát agus an breisluach Eorpach á chur san áireamh.

⁷ IO L 158 an 27.5.2014, lch. 227.

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá straitéiseach a bhaineann le rochtain neamhspleách iontaofa chost-éifeachtach ar an spás a chothabháil ar choinníollacha inacmhainne, don Aontas, do GSE agus dá mBallstáit faoi seach, bunaithe ar infhaighteacht córas lainseála Eorpach agus cumas oibríochta Eorpach a bheidh iomaíoch agus den chéad scoth, lena n-áirítear calafort spáis na hEorpa agus saoráidí ábhartha eile laistigh den Eoraip agus lasmuigh di araon, agus na teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach i dtaca lena bhforbairt agus a dtáirgeadh.
15. LEAGANN SÍ BÉIM chomh maith céanna ar an tábhacht a bhaineann le taighde agus le nuálaíocht maidir le hiomaíochas an tionscail agus ar an ngá le cur chuige comhdhlúite chun teicneolaíochtaí ríthábhachtacha a fhorbairt agus ar cheart go mbeadh spleáchas thionscal na hEorpa orthu teoranta, ar choinníollacha cost-éifeachtacha inacmhainne d'fhonn an chothromaíocht is fearr is féidir a bhaint amach idir neamhspleáchas teicneolaíoch, comhar straitéiseach le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus spleáchas ar fhórsaí an mhargaidh.
16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an comhthéacs polaitiúil, sochaíoch agus tionsclaíoch don spás a scrúdú agus an taithí a fuarthas i geláir spáis an Aontais [agus torthaí an chruinnithe de chuid Chomhairle GSE ar leibhéal na n-airí an 2 Nollaig 2014] á gcur san áireamh; chun féachaint, leis na Ballstáit agus le GSE, faoi na deiseanna i gcomhair margaí institiúideacha inbhuanaithe le haghaidh teicneolaíochtaí ríthábhachtacha agus córais ríthábhachtacha, lena n-áirítear lainseálaithe; agus plean gníomhaíochta a thíolacadh, ag breathnú ar ghnéithe slándála ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal domhanda araon, agus ag féachaint, i measc nithe eile, faoi bhealaí cur chuige soláthair nuálacha a úsáid, lena dtacaítear ar an mbealach sin le forbairt acmhainní agus le neamhspleáchas na hEorpa.
17. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhféadfaí tacú leis na tosaíochtaí sin atá ag teacht chun cinn, le Fís 2020, agus ós rud é go mbaineann amscálaí fada le taighde spáis lena n-éilítear treochlár soiléir le haghaidh cinntí infheistíochta, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar GSE agus ar na Ballstáit treochláir a chomhordú do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta amach anseo, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ríthábhachtacha.

Spástaiscéalaíocht agus Eolaíocht

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI an sásra comhordaithe don spástaiscéalaíocht tríd an gComhdháil Idirnáisiúnta don Spástaiscéalaíocht mar bhealach iomchuí chun cinn; MEABHRAÍONN SÍ gur iarracht pholaitiúil agus dúshlán mór atá sa spástaiscéalaíocht; LEAGANN SÍ BÉIM ar an luach a bhaineann léi i ndáil le hEorpaigh óga a spreagadh chun gairm san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht a roghnú, agus ar an ngá le straitéis fhadtéarmach a fhorbairt, agus comhordú domhanda phleananna na gcumhachtaí móra á gcur san áireamh i dtaca le taiscéalaíocht dhaonna agus róbataic mar aon leis an iarracht, leis na cumais agus leis na tosaíochtaí a bhaineann léi.
19. CUIREANN SÍ I dTREIS an sprioc maidir le príomh-chumas eolaíochta spáis a choinneáil, lena gcoimeádfar an dlús ceannródaíoch, agus lena bhféadfar a áirithiú go mbeidh an Eoraip chun tosaigh maidir le fionnachtana nua agus le tionscnaimh dhúshlánacha, agus ina theannta sin an sprioc maidir le tuiscint níos fearr a fháil ar cheisteanna bunúsacha a bhaineann leis an gCruinne, lenár nGrianchóras, leis an Domhan Cé agus lena thimpeallacht; AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le taighde sa spás lena gcumasaítear, in éineacht le cláir taighde dhomhanda, teacht ar réitigh ar fhadhbanna sláinte agus borradh a chur faoi thuairimí agus faoi dheiseanna nua a aithint don todhchaí, agus forbairt rathúil na dteicneolaíochtaí agus na mbonneagar chun fónamh don Eoraip á héascú sa chaoi sin.

Na chéad chéimeanna eile

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas, faoi 2016, maidir leis an dul chun cinn a bhainfear amach i ndáil leis na conclúidí seo d'fhonn cur leis an athbhreithniú lár téarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha le haghaidh na ngnéithe uile a bhaineann leis an spás trí chur chuige a bheidh cuimsitheach, comhoibríoch agus réamhbhreathnaitheach.